Cuardach farraige

Ceist 1 Beidh tú ag féachaint ar ball ar thuairisc faoi chuardach atá ar siúl i gContae Chorcaí. Pléigh aon fhocal nach bhfuil ar eolas agat leis an duine in aice leat.

in iarthar	ar iarraidh	an Ísiltír
an Ghearmáin		teach/tigh saoire
cuma gharbh	fiáin	cúr
	níor fhill	cuan beag

Féachaigí ar an tuairisc uair amháin le feiceáil an gcabhraíonn sé sin libh na focail a thuiscint.

Ceist 2 Anois, féach ar an tuairisc den dara huair agus freagair na ceisteanna.

1. Cé hiad an bheirt fhear a bhí ar iarraidh?
2. An bhfuil an bheirt ar iarraidh fós?
3. Cé hé an duine deireanach a fuair scéala ón mbeirt agus conas?
4. Cad a bhí le rá ag muintir na háite faoin bhfarraige.

Ceist 3 Féach ar an tuairisc den tríú huair agus freagair na ceisteanna seo:

a. Breac síos na rudaí suntasacha eile a fheictear sa mhír.

Héileacaptar
_____
_____
_____
_____
_____

b. Déan cur síos ar an aimsir sa mhír.

Ceist 4 '…ar an **bh**farraige…'

Líon na bearnaí sna habairtí thíos.

1. An bhfaca tú an leabhar a bhí ar an (bord) _____?
2. Sílim go bhfuil an fear ag labhairt ar an (guthán) _____.
3. Níl aon aithne agam ar an (duine) _____ sin.
4. Tá droch-chlú ar an (áit) _____.
5. Nach bhfuil dath deas ar an (teach) _____ sin?
6. Chuir mé litir chuig an (coláiste) _____ cheana féin.
7. Tháinig loch amach as an (poll) _____ sin, tá mé cinnte.
8. Níl aon airgead ag an (bean) _____.
9. Tá Seán ar an (slí) _____ abhaile.
10. Cé hé sin atá leis an (Aire) _____?

Ceist 5 '…beirt fhear…'

Sin sampla de na huimhreacha pearsanta. Líon na bearnaí sa bhosca thíos.

		fear	**bean**	**ceoltóir**	**mac**
1	amháin				
2	beirt				
3					
4					
5	cúigear				
6					
7	seachtar				
8					
9					
10	deichniúr				

Ceist 6 Pléigh na ceisteanna seo le do ghrúpa:

1. An bhfuil aon bhaint ag an drochaimsir atá againn faoi láthair le téadh domhanda, dar leat?
2. An ndearnadh aon damáiste i do cheantar féin de bharr na stoirmeacha?
3. Cad é an séasúr den bhliain is fearr leat agus cén fáth?

Treoracha agus Freagraí

Ceist 1

in iarthar	*in the west of*
ar iarraidh	*missing*
an Ísiltír	*Netherlands*
an Ghearmáin	*Germany*
teach/tigh saoire	*summer house*
cuma gharbh	*rough appearance*
fiáin	*wild*
cúr	*foam*
níor fhill	*didn't return*
cuan beag	*small bay/harbour*

Ceist 2

1. Fear amháin ón Ísiltír agus fear eile ón nGearmáin, a bhí ag fanacht i dteach saoire an fhir ón Ísiltír.
2. Níl, mar thángthas ar chorp duine amháin acu ag am lóin inniu.
3. Máthair an fhir ón Ísiltír. Chuir a mac scairt uirthi ar an Satharn agus dúirt sé léi go raibh sé féin agus a chara ag dul ag siúl ar Cheann Caorach.
4. Deir siad go raibh an aimsir i bhfad níos gairbhe ar an Satharn ná mar atá inniu agus go raibh na tonnta go fiáin ar fad. Dúirt Proinsias Ní Thóibín nach bhfaca muintir na háite a leithéid riamh, agus go raibh cúr na farraige ag spraeáil go hard sa spéir.

Ceist 3

a. Bíodh na focail seo san áireamh ag na foghlaimeoirí:

Héileacaptar
Bád tarrthála
Tarrthálaithe
Bladhm éigeandála

b. Tá an ghrian ag soilsiú ach is léir go bhfuil sé an-ghaofar ar fad.

Ceist 4

1. An bhfaca tú an leabhar a bhí ar an **mbord**?
2. Sílim go bhfuil an fear ag labhairt ar an **nguthán**.
3. Níl aon aithne agam ar an **duine** sin.
4. Tá droch-chlú ar an **áit**.
5. Nach bhfuil dath deas ar an **teach** sin?
6. Chuir mé litir chuig an **gcoláiste** cheana féin.
7. Tháinig loch amach as an **bpoll** sin, tá mé cinnte.
8. Níl aon airgead ag an **mbean**.
9. Tá Seán ar an **tslí** abhaile.
10. Cé hé sin atá leis an **Aire**?

*Abair leis na foghlaimeoirí go mbíonn séimhiú in áit urú i gcanúint Uladh, más rud é nach bhfuil canúint Uladh acu.

Ceist 5

		fear	**bean**	**ceoltóir**	**mac**
1	amháin	fear	bean	ceoltóir	mac
2	beirt	fhear	bhan	cheoltóirí	mhac
3	triúr	fear	ban	ceoltóirí	mac
4	ceathrar	fear	ban	ceoltóirí	mac
5	cúigear	fear	ban	ceoltóirí	mac
6	seisear	fear	ban	ceoltóirí	mac
7	seachtar	fear	ban	ceoltóirí	mac
8	ochtar	fear	ban	ceoltóirí	mac
9	naonúr	fear	ban	ceoltóirí	mac
10	deichniúr	fear	ban	ceoltóirí	mac

Ceist 6
Is féidir na foghlaimeoirí a chur ag plé na gceisteanna seo i mbeirteanna nó i ngrúpaí de thriúr nó de cheathrar.

Eimear Ní Chonaola
In iarthar Chorcaí bhí cuardach ar siúl ar feadh an lae ar an mbeirt fhear a bhí ar iarraidh i gceantar Chill Chrócháin ó Dé Sathairn. Thángthas ar chorp duine acu thart ar am lóin inniu ach níor aimsíodh an duine eile fós.

Grett O'Connor
Déanach aréir a fuarthas amach go raibh an bheirt chara ar iarraidh. Duine acu ón Ísiltír agus duine ón nGearmáin. Bhíodar ag fanacht i dtigh saoire a bhaineann le tuismitheoirí an fhir ón Ísiltír. Fear a bhí anseo go minic cheana ar saoire. Ag am lóin Dé Sathairn, dúirt sé lena mháthair, ar an bhfón, go rabhadar chun dul ag siúl ar Cheann Caorach.

Tá cuma gharbh ar an bhfarraige anseo inniu ach deir muintir na háite linn go bhfuil sé seo ciúin i gcomparáid leis an tslí ina raibh cúrsaí Dé Sathairn seo caite. Bhí na tonnta chomh fiáin go rabhadar ag teacht thairis[1] an gcarraig mhór seo, agus ag dul an-chóngarach don dtigh saoire ina raibh an bheirt fhear ag fanacht.

Proinsias Ní Thóibín
Bhí sé chomh láidir sin go ndúirt daoine nach bhfacthas a leithéid riamh roimhe sin. Bhí cúr ón bhfarraige ag dul in airde sa spéir.

Grett O'Connor
Níor fhill an bheirt óna siúlóid agus inniu aimsíodh[2] corp duine amháin acu i gcuan beag an-ghar don dtigh saoire. Grett O'Connor, Nuacht TG4, Cill Chrócháin, i gContae Chorcaí.

[1] *thairis* atá i gcanúint na Mumhan, ach *thar* atá sna canúintí eile
[2] *d'aimsíodh* a deirtear